

Scéim na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

2005-2008

faoi alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



Innéacs

Leathanach

Caibidil 1	5
Réamhrá & Cúlra	5
Próiseas Comhairliúcháin	5
Ábhar na Scéime Teanga	5
Dáta tosaithe na Scéime	6
Forléargas ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	6
Custaiméirí & Cliant	7
Réimsí Feidhme na Roinne	7
Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana féin	8
Caibidil 2	9
Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na Roinne a Sholáthar	9
Meáin Chumarsáide leis an bPobal/Faisnéis don Phobal	9
Comhfhreagras	9
Ríomhphost	9
Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais/Postaeir	9
Óráidí	9
Foilseacháin Eile	10
Fógraí ó bhéal/Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón	10
Mótarcháin ar-líne	11
Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	11
Láithreán Gréasáin Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	11

Leathanach

Caibidil 3	12
Achoimre na Seirbhísí/na nGníomhaíochtaí a sholáthraíonn Rannáin	12
Caibidil 4	18
Seirbhísí atá le soláthar go dátheangach a Bhreisiú	18
Seirbhísí Aistriúcháin	18
Acmhainní teanga	18
Féiniúlacht Chorparáideach	19
Preasráitis	19
Ciorcláin	19
Láithreán Gréasáin	19
Córais Ríomhaire	20
Earcaíocht & Socrúchan	20
Oiliúint & Forbairt	20
Beartas i leith Cruinnithe Poiblí	21
Seachtain na Gaeilge	22
Tríú Páirtithe	22
Seirbhís do cheantair Ghaeltachta	22
Logainmneacha Gaeltachta	22
Caibidil 5	23
Monatóireacht & Athbhreithniú	23
Caibidil 6	24
An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	24

Caibidil 1 Réamhrá & Cúlra

Déileálfaidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis an nGaeilge agus leis an mBéarla ar bhonn comhionann agus í i mbun gnótha. Leagtar amach sa scéim seo an bealach a thabharfaidh an Roinn éifeacht don phrionsabal seo agus cuirfear san áireamh an méid is féidir a dhéanamh go praiticiúil réasúnta i gcaitheamh ré na scéime.

D'ullmhaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an scéim seo faoi *Alt 11* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"). Foráiltear le hAlt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina leagfar amach go mion na seirbhísí a sholáthróidh siad

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a rachaidh siad leo lena chinntiú, maidir le haon tseirbhís nach bhfuil á soláthar ag an Roinn trí mheán na Gaeilge, go soláthrófar sin laistigh d'fhráma ama comhaontaithe.

1.1 Próiseas Comhairliúcháin

D'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 13 an 22 Deireadh Fómhair 2004, inar iarradh uiríolla ó aon pháirtithe leasmhara i ndáil le dréacht-scéim a bhí le hullmhú faoi *Alt 11*. Fuarthas 21 aighneacht agus tá siad ar fad le feiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne, **www.environ.ie**. Tá an Roinn buíoch as ucht na dtuairimí a chuir na heagraíochtaí agus na daoine aonair seo faoina bráid.

Baineadh úsáid as na haighneachtaí seo agus as tuairimí agus moltaí a chuir baill foirne i Rannáin éagsúla na Roinne isteach mar eolas le dréachtadh na scéime a threorú.

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Tá cúnamh tugtha ag baill foirne ó gach réimse feidhme den Roinn leis an scéim a dhréachtú. Is ar bhainisteoirí sinsearacha laistigh den Roinn seo a bheidh an fhreagracht as monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. Mar bhonn tosaithe cuireann an scéim leis an méid seirbhísí trí Ghaeilge atá ar fáil faoi láthair. Tá réimsí den tseirbhís a sholáthraíonn an Roinn seo agus atá le

breisiú amach anseo aitheanta i gcroí na scéime. Cuimsítear gealltanas sa scéim freisin go ndéanfar measúnú ar bhonn leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus lena chinntiú go leanann an Roinn ar aghaidh le bheith ag freastal ar an éileamh seo ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach, inrochtaine. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le leibhéal an éilimh ar a cuid seirbhísí i nGaeilge a mheas trí iniúchtaí rialta arna n-eagrú de réir cláir ama a dhéanamh trí chóras lena ndéanfar leibhéal na bhfiosrúchán/iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse áirithe a chomhaireamh/a thomhas.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo dearbhaithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Tá an scéim tosaithe le héifeacht ó **15 Lúnasa 2005** agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua dearbhaithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé ceann is luaithe.

1.4 Forlógas ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Sainordú agus Misean

Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus an caighdeán saoil a fheabhsú tríd an gcomhshaol agus an oidhreacht a chosaint, trí bhonneagar a sholáthar, trí fhorbairt réigiúnach chothromaithe, agus trí rialtas maith áitiúil.

Tá sainordú leathan ag an Roinn don chomhshaol agus don oidhreacht, do thithíocht agus do bhonneagar eile; don phleanáil fhisiciúil agus spásúil agus don rialtas áitiúil.

Tá ceanncheathrú na Roinne ag Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Oifigí eile a bhfuil líon suntasach foirne ag obair iontu ná Foirgnimh Irish Life, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, 7 Plás Ely, Baile Átha Cliath 2, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, An tAonad Clárúcháin Fheithiclí, Lárionad na Sionainne, agus ENFO, Sráid San Aindrias. Tá roinnt ball foirne den rannán oidhreachta, agus den Fhoireann Chigireachta Tithíochta agus Innealtóireachta lonnaithe ar fud na tíre. Tá ceanncheathrú Met Éireann, ar comhrannán den Roinn é, i nGlas Naíon agus tá ball foirne leis lonnaithe sna réigiúin.

Tá pleananna á dtabhairt chun cinn chun an Roinn a athlonnú chuig ceithre shuíomh nua: Loch Garman, Port Láirge, Ros Mhic Thriúin agus Cill Chainnaigh, mar chuid de chlár dílárnúcháin an Rialtais, a fógraíodh sa bhuiséad i mí na Nollag 2003.

1.5 Custaiméirí agus Cliaint

Téann obair na Roinne i bhfeidhm ar chuid mhór pobal agus daoine éagsúla agus tá bonn fairsing custaiméirí aici dá réir m.sh.

- Ionadaithe tofa
- Daoine aonair sa phobal
- Pobail ar fud na tíre
- Ranna eile Rialtais
- Gníomhaireachtaí Stáit faoi scáth na Roinne
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Comhpháirtithe Sóisialta, lena n-áirítear an earnáil phobail agus dheonach

1.6 Réimsí Feidhme na Roinne

Tá an Roinn eagraithe ina sé Rannán, a dtacaíonn baill foirne riaracháin, gairmiúla, teicniúla agus tionscail leo. Is iad an sé Rannán ná

- Tithíocht
- Rialtas Áitiúil
- Oidhreacht & Pleanáil
- Comhshaol
- Uisce agus Oidhreacht Nádúrtha
- Seirbhísí Corparáideacha

Tá Rúnaí Cúnta ina c(h)eann ar gach Rannán agus tá an Rúnaí sin, in éineacht leis an Ard-Rúnaí agus leis an gComhairleoir Dí, ina mbaill den Choiste Comhairleach Bainistíochta. Tá Met Éireann, a bhfuil Stiúrthóir ina c(h)eann air, agus Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil, a bhfuil Cigire Iniúchtaí ina c(h)eann uirthi, ina gcomhchodanna den Roinn.

1.7 Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil cheana féin.

Is é príomhchuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar chaighdeán níos airde. Cuireann Cairt Chustaiméirí na Roinne ceangal ar an Roinn caitheamh leis an nGaeilge agus leis an mBéarla ar bhonn comhionann.

Tríd is tríd, ní sholáthraíonn an Roinn seirbhísí don phobal go díreach seachas roinnt réimsí sonracha a ndéantar cur síos go mion orthu sna caibidlí atá le teacht. Soláthraíonn an Roinn an chreatlach bheartais agus seachadann údaráis áitiúla agus comhlachtaí eile faoina scáth seirbhísí faoi chuimsiú na creatlaí sin.

Beidh ról criticiúil le comhlíonadh ag an Roinn ó thaobh ceannaireacht a sholáthar d'údaráis áitiúla i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a bheith á chur i ngníomh. Tá Comhairle Gaeilge an Rialtais Áitiúil, grúpa comhairleach, curtha ar bun ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le húsáid na Gaeilge in údaráis áitiúla a chur chun cinn de bhun alt 68 d'Acht Rialtais Áitiúil 2001. Feidhmíonn Comhairle Gaeilge an Rialtais Áitiúil ar son bhaill na n-údarás áitiúil, Bainisteoirí Contae & Cathrach, ionadaithe eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an nGaeilge a chur chun cinn agus ar son na Roinne. Beidh ról tábhachtach ag an gComhairle ó thaobh cabhair a thabhairt d'údaráis áitiúla lena gcuid oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a chomhlíonadh. Tá sé tugtha le fios ag an Roinn d'údaráis áitiúla gur mór is cás léi go n-ainmneofar Oifigigh Ghaeilge lánaimseartha i ngach údarás áitiúil chun cabhrú leis an gcúram seo.

Caibidil 2 *Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na Roinne a Sholáthar*

Leagtar amach sa Chaibidil seo an réimeas oifigiúil teanga a fheidhmíonn an Roinn i ndáil le seirbhísí na Roinne a sholáthar go ginearálta.

2. Meáin Chumarsáide leis an bPobal/Faisnéis don Phobal

2.1 Comhfhreagras

Tionscnóidh an Roinn comhfhreagras i nGaeilge leo siúd arb eol gur fearr leo comhfhreagras i nGaeilge, le cois a bheith ag comhlíonadh a hoibleagáide dlíthiúla le comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a fhreagairt i nGaeilge. Tabharfar ordú do bhaill foirne taifead a choinneáil ar dhaoine den sórt sin d'fhonn an gealltanais seo a chomhlíonadh.

(ó thús na scéime)

2.2 Ríomhphost

Beidh teachtaireachtaí caighdeánacha ar Ríomhphost na Roinne, amhail séantaí freagrachta, i nGaeilge agus i mBéarla araon.

(ó thús na scéime)

2.3 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais/Póstaeir

Táirgeann an Roinn roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais do dhaoine sa phobal ginearálta. Déanfaidh sí a dícheall, sa chás gur cuí sin, lena chinntiú go soláthrófar gach ábhar den sórt sin i bhformáid dhátheangach faoi chuimsiú aon chlúdach amháin. Sa chás nach bhfuil sin indéanta ó thaobh méid, leagan amach nó an cineál ábhar sa doichméad, soláthrófar leagan Gaeilge ar leithligh.

(faoi dheireadh bhliain a haon)

2.4 Óráidí

Cuirfear óráidí nó ráitis, lena n-áirítear iad siúd san Oireachtas, ó Airí nó óráidí ó oifigigh shinsearach, ar fáil sa/sna teanga(cha) ina dtugtar iad.

(ó thús na scéime)

2.5 Foilseacháin Eile

Táirgtear raon leathan foilseachán feadh na Rannán uile. Geallann an Roinn go soláthróidh sí leagain dhátheangacha d'fhoilseacháin chroílárnacha, agus b'fhearr leis an Roinn go mbeadh na leagain faoi chuimsiú aon chlúdach amháin. Sa chás go bhfágfadh fad aon fhoilseachán dátheangach nach mbeadh an foilseachán sin chomh héifeachtach céanna áfach, nó go mbeadh costas iomarcach breise ag baint leis dá bharr, soláthrófar leagain Ghaeilge agus Bhéarla ar leithligh. Beidh ráiteas i ngach ceann maidir leis seo go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Níl sé i gceist cáipéisí móra teicniúla nó cáipéisí nach léifidh ach dornán beag daoine a aistriú.

(Ó thús na scéime)

2.6 Fógraí ó bhéal/ Cumarsáid leis an bpobal ar an teileafón

Is iad an fáilteoir/oibreoir an mhalartáin na chéad phointí mar a dtagann an pobal i dteagmháil leis an Roinn. Gabhann an méid seo a leanas le Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí mar chleactas caighdeánach:

- go mbeidh foireann an deasca fáilte/an mhalartáin in ann ainm na Roinne a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla, **(Ó thús na scéime)**
- go mbeidh eolas acu ar na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar a laghad, **(Ó thús na scéime)**
- go mbeidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo daoine sa phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach a bhíonn freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a thairiscint trí Ghaeilge, **(Ó thús na scéime)**
- go leanfar ar aghaidh le liosta a sholáthar do lucht na dteileafón de na baill foirne sin a bhfuil sé ar a gcumas déileáil leis an bpobal i nGaeilge,
- go soláthrófar treoir do bhaill foirne maidir le glaochanna teileafóin a láimhseáil ó dhaoine sa phobal a bhfuil Gaeilge acu. **(Faoi cheann trí mhí ón tráth a cheadófar an scéim)**

Tá sé ina bheartas ag an Roinn oibriú chuige lena chinntiú go mbeidh gach fógra réamhthairfeadta ó bhéal dár gcustaiméirí i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge. Bainfear an cuspóir seo amach faoi dheireadh na scéime reatha, .i. faoi **Aibreán 2008**. Féadfaidh baill aonair san fhoireann teachtaireachtaí a fhágáil ina rogha teanga áfach.

2.7 Mótarcháin ar-líne

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Seirbhís Mhótarchánach ar-líne (**www.motortax.ie**) i mí na Feabhra 2004 lena gcuirtear ar chumas daoine sa phobal a gcuid mótarchánach a athnuachan trí mheáin an idirlín. Tá seirbhís chomhthreomhar i nGaeilge ar fáil ag **www.motarchain.ie**

2.8 Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Bainistíonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra na freagrachtaí atá ar Stát na hÉireann faoin dlí Náisiúnta agus Eorpach ó thaobh an dúlra a chaomhnú. Tá a láithreán gréasáin ag **www.npws.ie** ar fáil ar bhonn dátheangach.

Chapter 3 Achoimre na Seirbhísí / na nGníomhaíochtaí a Sholáthraíonn Rannáin

Bíonn údarais áitiúla freagrach go ginearálta as seirbhísí a sholáthar faoi chuimsiú na creatlaí airgeadais agus beartais arna leagan síos ag an Roinn. Soláthraíonn na réimsí seo a leanas den Roinn seirbhísí do dhaoine sa phobal go díreach áfach:

- Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- ENFO
- Deontais Tithíochta
- Clárúchán Feithiclí
- Bord um Thionóntachtaí Príobháideacha Ar Cíos
- Met Éireann

Tá liosta cuimsitheach d'aonaid ghnó sa Roinn sa mhéid seo a leanas. Seachas na rannóga sin a liostaítear thuas, ní sholáthraíonn an chuid eile de na haonaid ghnó seirbhísí don phobal go díreach agus déanann siad a gcuid gnó trí Bhéarla go príomha.

Aonad/Rannóg Ghnó	Feidhmeanna
Cuntais	Bainistíonn agus déanann monatóireacht ar chuntais na Roinne.
Tithíocht Inacmhainne	Maoirseacht a dhéanamh ar mar a sheachadtar na scéimeanna éagsúla spriocdhírthe atá deartha le cabhrú le daoine áirithe, atá ag ceannach den chéad uair, le húinéireacht tí a bhaint amach, agus a chinntiú go seachadtar na scéimeanna sin go héifeachtach.
Aer/Aeráid	Forbraíonn beartas maidir le truailliú aeir agus athrú aeráide
Caighdeáin Fhoirgníochta Measúnú Comhshaoil	Déanann athbhreithniú agus uasdhatú ar Rialacháin Fhoirgníochta náisiúnta; Bainistíonn aistriú agus cur i ngníomh foriomlán na dTreoracha maidir le Measúnú Tionchair ar an gComhshaoil agus le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus na ngnéithe de Threoir Seveso II ó thaobh planáil úsáid talún agus déanann monatóireacht ar/forálann le haghaidh caighdeán comhchuibhithe faoi Threoir an AE maidir le Treoir Táirgí Foirgníochta.

Aonad/Rannóg Ghnó	Feidhmeanna
Forbairt Chorporáideach & Aonad Dílárnúcháin	Comhordaíonn agus éascaíonn an Clár um Nua-chóiriú na Seirbhíse Poiblí sa Roinn agus soláthraíonn an fheidhm ó thaobh Oiliúna agus Forbartha foirne. Bainistíonn an Clár Dílárnúcháin don Roinn, riachtanais chóiríochta na Roinne agus saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta laistigh den Roinn.
Airgeadas Rannach Cuntais	Comhordaíonn meastacháin agus caiteachas na & Roinne. Oiriúnaíonn agus cuireann an Chreatlach Fhaisnéise Bainistíochta i ngníomh ionas go mbeidh sí oiriúnach do shainriachtanais na Roinne
ENFO	Soláthraíonn rochtain ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus ar roghanna um nósanna inbhuanaithe maireachtála.
Feasacht ar an gComhshaol Comhshaol Idirnáisiúnta	Forbraíonn beartais agus bearta chun feasacht níos mó ar an gcomhshaol agus athrú níos mó ó thaobh iompair a chur chun cinn agus cuireann na beartais agus na bearta sin i ngníomh. Bainistíonn ionchur agus rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta faoin gcomhshaol.
Beartas Comhshaoil	Cuireann an fhorbairt inbhuanaithe agus an lánpháirtíú ó thaobh an chomhshaoil chun cinn. Comhordaíonn aicsean frithbhruscair.
Iniúcháireacht Inmheánach	Bíonn an tAonad seo freagrach as dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánacha na Roinne a bheith ann, maidir lena leordhóthanaí agus lena n-éifeacht.
Seirbhísí Dóiteáin agus Pleanáil Eigeandála	Tacaíonn le húdaráis dóiteáin áitiúla ó thaobh seirbhísí comhraic dhóiteáin agus tarrthála ó dóiteán a sheachadadh chomh maith le cláir shábháilteachta agus choisc tine, agus le pleanáil a dhéanamh le haghaidh agus mar fhreagairt ar mhóréigeandála.

Aonad/Rannóg Ghnó	Feidhmeanna
Ceart Vótála	Forbraíonn reachtaíocht toghcháin agus reifrinn.
Beartas agus Cosaint na hAiltireachta	Cuireann caomhnú agus cosaint na Oidhreachta hoidhreachta ailtireachta chun cinn.
Tógáil Tithe	Bainistíonn agus déanann monatóireacht ar, chlár na n-údarás áitiúil um thógáil tithe agus ar athnuachan limistéir thithíochta lena n-áirítear Baile Munna. Eagraíonn an measúnú trí-bhliantúil ar riachtanais tithíochta a dtugann údaráis áitiúla faoi.
Beartas Tithíochta Agus Airgeadas	Ceapann agus forbraíonn beartas a bhaineann le tithíocht in Éirinn trasna na dtionachtaí uile. Déanann monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí sa mhargadh tithíochta.
Fáil Tithíochta agus Seirbhísí	Freagrach as beartas a fhorbairt agus a chur i ngníomh i ndáil leis an Scéim um Chóiríocht Chíosa agus i ndáil le fáil cóiríochta agus soláthar seirbhísí ag údaráis áitiúla chun freastal ar riachtanais tithíochta sóisialta.
Seirbhís Iniúcháireachta an Rialtais Áitiúil	Déanann iniúchtaí ar chuntais airgeadais na n-údarás áitiúil agus iniúchtaí luach-ar-airgead ar chórais, ar chleachtais agus ar nósanna imeachta na n-údarás áitiúil.
Airgeadas Rialtais Áitiúil	Deánann monatóireacht ar an bhfeidhm airgeadais in údaráis áitiúla agus forbraíonn reachtaíocht a bhaineann le bainistíocht agus nósanna imeachta airgeadais na n-údarás áitiúil.
Pearsanra Rialtais Áitiúil	Forbraíonn beartas um Bhainistiú Acmhainní Daonna in údaráis áitiúla lena n-áirítear beartas pá, sceimeanna pinsin, athghrádú, athstruchtúrú, saincheisteanna ó thaobh míchumais agus comhpháirtíocht sa láthair oibre.
Beartas Rialtais Áitiúil	Forbraíonn beartas agus reachtaíocht don chóras rialtais áitiúil

Business Unit/ Section	Functions
Rannóg um Thionscadail Rialtais Áitiúil a Fhorbairt	Tionscadail ardtosaíochta a fhorbairt ar shaincheisteanna rialtais áitiúil agus ar shaincheisteanna rialtais lárnaigh ghaolmhara.
Bóithre & Seirbhísí Áitiúla	Forbraíonn beartas agus maoiniú do leabharlanna poiblí, bainistíonn agus riarann an clár infheistíochta do bhóithre neamhnáisiúnta.
Met Éireann	Is éard atá i Met Éireann ná Seirbhís Mheitéareolaíochta Náisiúnta na hÉireann. Tá sé ar an bpríomhsholáthraí faisnéise aimsire agus seirbhísí a bhaineann leis d'Éirinn. Is é an misean atá ag Met Éireann ná, breathnú, miondealú agus réamhinsint a dhéanamh ar aimsir agus ar aeráid na hÉireann, agus chun raon seirbhísí meitéareolaíochta agus eolas gaolmhar den scoth a sholáthar.
Oifigí na nAirí	Soláthraíonn tacaíocht don Aire agus d'Airí Stáit.
Séadchomharthaí Náisiúnta	Cuireann caomhnú agus cosaint na hoidhreachta seandálaíochta chun cinn.
Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (Cosaint na Bithéagsúlachta agus Eolaíochta)	Bainistíonn na Páirceanna Náisiúnta agus riarann an dlí maidir leis an oidhreacht nádúrtha a chosaint.
Sábháilteacht Núicléach	Tacaíonn le beartas náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le ceisteanna ó thaobh na sábháilteachta núicléiche, lena n-áirítear gealltanais an Rialtais le Sellafield a dhúnadh go sábháilte, agus cuireann an beartas sin i ngníomh.
Eagrúchán	Soláthraíonn agus cothabhálann trealamh, soláthairtí agus stáiseanóireacht oifige, bainistíonn Clár na Sócmhainní, cothabhálann eolaire teileafóin agus cairt eagrúcháin na Roinne, agus déanann monatóireacht ar mar a chomhlíontar an reachtaíocht um Íoc Pras agus cuireann comhlíonadh na reachtaíochta sin chun cinn. Bainistíonn feidhmeanna um Shaoráil Faisnéise agus Theicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide.

Business Unit/ Section	Functions
Preas & Faisnéis	Bíonn idirchaidreamh ag an rannóg seo leis na meáin chumarsáide agus soláthraíonn sé tacaíocht don Aire agus d'Airí Stáit agus óráidí le tabhairt acu.
Pleanáil	Cothabhálann creatlach reachtaíochta agus bheartais go mbeidh sé cothrom le dáta chun éascú le córas pleanála ardchaighdeáin, cothromaithe, éifeachtach agus éifeachtúil.
Earnáil na nÁitreabh Príobháideach	Cuireann feidhmiú agus forbairt chothromaithe éifeachtúil an mhargaidh tithíochta príobháidí chun cinn.
Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach & Foirgníochtfeadh	Cuireann úsáid an chur chuige CPP chun cinn earnáil an rialtais áitiúil agus soláthraíonn tacaíocht do ghníomhaireachtaí fála atá ag tabhairt faoi thionscadail CPP. Bainistíonn earnáil an tionscail fhoirgníochta.
Oifig an Ard-Rúnaí	Soláthraíonn tacaíocht don Ard-Rúnaí.
Cuimsiú Sóisialta & Cóiríocht don Lucht Siúil	Déanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i ngníomh leanúnach na mbeartais agus na gclár chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais, a bhaineann le tithíocht, atá ag grúpaí leochaileacha amhail daoine aosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean, agus cuireann forbairt agus cur i ngníomh leanúnach na mbeartas agus na gclár sin chun cinn. Ceapann agus forbraíonn beartas maidir le cóiríocht don Lucht Siúil, arna soláthar agus arna bainistiú ag údaráis áitiúla, agus an maoiniúchán is gá do chóiríocht den sórt sin.
Beartas Spásúlachta	Stiúrann an bealach a chuirtear an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta i ngníomh ionas go mbainfí cothromaíocht níos fearr amach ó thaobh na forbartha sóisialta, eacnamaíche agus fisiciúla ar fud na hÉireann, forbairt a dtacaíonn pleanáil spásúlachta níos éifeachtaí léi.

Business Unit/ Section	Functions
Forbairt Uirbeach agus Sráidbhailte	Cuireann na Cláir um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhailte, na scéimeanna um Athnuachan Bhailte Móra agus Cónaí os Cionn an tSiopa i gníomh agus déanann monatóireacht orthu. Eagraíonn Comórtas na mBailte Slachtmhara, Comórtas na gComharsanachtaí Cathrach, Comórtas an Bhaile is Fearr Bail air in Éirinn agus iontráil na hÉireann i gComórtas Entente Florale na hEorpa.
Clárúcháin Fheithiclí & Beartas	Éascaíonn le gach gnó a bhaineann le mótarcháin agus le ceadúnais tiomána a phróiseáil agus tacaíonn le agus cothabhálann an Comhad Ríomhairithe Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe. Bainistíonn feidhmiú an chórais Mhótarchánach.
Tithíocht Dheonacha Deontais Tithíochta	Riarann roinnt scéimeanna tithíochta, déanann & forchúitimh le húdaráis áitiúla i leith scéimeanna eile, eisiúnn dearbhuithe éagsúla i leith scéimeanna cánach. Maoiníonn na scéimeanna tithíochta Deonacha agus Comhoibritheacha.
Bonneagar & Rialáil Dramhaíola	Forbraíonn beartas agus reachtaíocht chun ceanglais náisiúnta a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí ábhartha faoi Threoracha an AE maidir le Dramhaíl agus bainistíonn an clár bonneagair um aisghabháil dramhaíola.
Cosc & Aisghabháil Dramhaíola	Comhordaíonn cur i ngníomh an bheartais náisiúnta um dramhaíl a chosc, a íoslaghdú agus a aisghabháil.
Cáilíocht Uisce	Cuireann cosaint agus feabhsú cháilíocht uisce sa chomhshaol chun cinn m.sh. aibhneacha, lochanna, screamhuisce.
Infheistíocht i Seirbhísí Uisce	Bainistíonn an Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce atá sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Bainistíonn an Clár Uisce Tuaithe agus Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce.
Beartas um Sheirbhísí Uisce	Bainistíonn forbairt bheartais in Earnáil na Seirbhísí Uisce, lena n-áirítear reachtaíocht agus beartais maidir le seirbhísí uisce a phraghsáil.

Caibidil 4 Seirbhísí atá le Soláthar go Dáttheangach a Bhreisiú

4. Soláthraíonn na rannóga seo a leanas den Roinn seirbhís dáttheangach do dhaoine sa phobal:

- ENFO
- Deontais Tithíochta
- Clárúchán Feithiclí

Soláthraíonn na rannóga seo a leanas seirbhís don phobal freisin agus déanfaidh an Roinn deimhin de, i gcaitheamh tréimhse na scéime seo, go sannfar nó go n-athoilfear ball foirne amháin, ar a laghad, de gach Rannóg sa cheanncheathrú ionas go mbeidh teacht ag an bpobal ar sheirbhís trí mheán na Gaeilge.

- Bord um Thionóntachtaí Príobháideacha Ar Cíos • M e t Éireann
- Met Éireann
- Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

Soláthraíonn rannóg na bPáirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra seirbhís don phobal ar bhonn réigiúnach agus cinnteoidh an Roinn, i gcaitheamh ré na scéime, go sannfar nó go n-athoilfear ball foirne amháin, ar a laghad, i ngach réigiún ionas go mbeidh seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil sa réigiún sin.

Cumas Gaeilge na Roinne a Fheabhsú

4.1 Seirbhísí Aistriúcháin

Cuirfidh an Roinn liosta ar fáil do bhaill foirne ar a mbeidh gach cuideachta agus duine a sholáthraíonn seirbhísí aistriúcháin. Beidh seirbhísí tacaíochta Teicneolaíochta Faisnéise amhail bogearraí le litriú a sheiceáil ar fáil laistigh den Roinn. **(ó thús na scéime)**

Breithneoidh an Roinn, agus monatóireacht á déanamh aici ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge, ar an rogha maidir le haistritheoir a earcú chun seirbhísí inmheánacha aistriúcháin a sholáthar. **(faoi dheireadh an dara bliain)**

4.2 Acmhainní teanga

Beidh gach ball foirne in ann teacht ar acmhainní faisnéise agus teanga go héasca, m.sh. foclóirí, idir chóipeanna crua agus i bhformáid leictreonach, agus ar

chomhairle maidir le Gaeilge scríofa agus ar liostaí de nathanna coitianta srl. a mbaintear úsáid astu. **(ó thús na scéime)**

4.3 Féiniúlacht Chorparáideach

Leanfar ar aghaidh le stáiseanóireacht na Roinne amhail páipéarachas sainchlóite agus duillíní dea-mhéine a tháirgeadh i bhformáid dhátheangach. Sa chás gur gá stáiseanóireacht na Roinne a athrú nó stoic nua a ordú, cuirfear tagairt shonrach don fháilte a bheidh roimh an nGaeilge ina cuid den stáiseanóireacht nua m.sh.

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras as Gaeilge

4.4 Preasráitis

Eisítear formhór na bPreasráiteas i mBéarla faoi láthair. Geallann an Roinn go soláthróidh sí 20% ar a laghad de Phreasráitis den sórt sin i nGaeilge faoi dheireadh na scéime seo. Tabharfar tús áite do phreasráitis a bhaineann leis an tseirbhís oidhreachta nó do nithe a bhaineann le ceantair Ghaeltachta.

4.5 Ciorcláin

Eisíonn an Roinn, agus tionscnaimh á bhforbairt aici maidir le beartais a bhfeidhmíonn údaráis áitiúla faoina gcuimsiú, roinnt ciorclán ar bhonn bliantúil chuig na húdaráis sin. Soláthróidh an Roinn leagan Gaeilge de na ciorcláin sin a mbaineann baill na n-údarás áitiúil úsáid astu chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine sa phobal.

(ciorcláin arna n-eisiúint ó thús na scéime)

4.6 Láithreán Gréasáin

Bainfidh an Roinn úsáid chuí as an Idirlíon agus seirbhís trí Ghaeilge á soláthar aici. Tá sé mar aidhm againn láithreán nua gréasáin a fhorbairt don Roinn in 2005 agus sa chomhthéacs sin, gheobhaidh an Roinn an teicneolaíocht a bheidh mar bhonn is mar thaca agus láithreán dátheangach á fhorbairt. Cuirfear deis le teacht ar an láithreán trí na seoltaí Gaeilge agus Béarla araon ina cuid de m.sh. **www.viron.ie** nó **www.comhshaoil.ie**. Tar éis don láithreán nua a bheith forbartha, tosóidh an Roinn ar ábhar a chur ar fáil i nGaeilge agus geallann an Roinn go mbeidh leagan Gaeilge den ábhar buan ar fáil faoi dheireadh na scéime seo.

4.7 Córais Ríomhaire

Beidh seirbhísí nua idirghníomhacha ar-líne a fhorbrófar, comhoiriúnach don Ghaeilge, agus an fháil atá ar bhogearraí Gaeilge ón soláthraí bogearraí a bhaineann le hábhar, á chur san áireamh.

4.8 Earcaíocht & Socrúchán

Cuirfear na bearta seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go n-earcófar agus go gcoinneofar leorlón ball foirne a bhfuil inniúlacht ar an nGaeilge acu, laistigh den Roinn seo ionas go gcomhlíonfar forálacha an Achta:

- Fógróidh an Roinn, mar chuid dá beartas earcaíochta, agus í ag comhoibriú leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, comórtais faoi choinne ball foirne a oibreoidh trí Ghaeilge, go poiblí (go háirithe sa Ghaeltacht agus/nó a fhreastalaíonn ar phobail Ghaeltachta), sa chás nach mbíonn daoine oiriúnacha ar fáil trí chomórtais ar leibhéal iontrála ginearálta.
- Cuirfear socrúchán cuí baill foirne a bhfuil inniúlacht den sórt sin acu i ngníomh ar fud na Roinne, go háirithe in oifigí Gaeltachta, nó in oifigí a fhreastalaíonn ar cheantair Ghaeltachta. Socrófar baill foirne a bhfuil eolas oibre ar an nGaeilge acu feadh na rannán éagsúil go cuí leis seo a chomhlánú agus chun tacú leis na gealltanais arna leagan amach sa scéim seo.
- Beidh agallaimh Roinne ar fáil do bhaill foirne trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, ach fógra a bheith tugtha ag agallaithe faoina rogha teanga roimh ré. Ní bheidh an rogha seo ann áfach sa chás go bhfuil an Ghaeilge ina shainriachtanas don phost atá i gceist.

(ó thús na scéime)

4.9 Oiliúint & Forbairt

Tá gealltanais leanúnach ann chun oiliúint agus forbairt chuí a sholáthar do gach ball foirne, sa dá theanga oifigiúla, chun freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí, riachtanais atá ag éabhlóidiú, agus chun lánchumas baill foirne a fhorbairt i rith a ngairmeacha sa Roinn seo. Déanfaidh an tAonad Oiliúna an méid seo a leanas:

- Lorgóidh sé saorálaithe le seirbhísí Gaeilge a sholáthar feadh na Roinne sa chás go bhféadfadh an riachtanas le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge teacht chun cinn. Beidh baill foirne den sórt sin le haithint ar liostaí fóin le réiltín taobh lena n-ainmneacha.
- Déanfaidh sé measúnú ar gach cúrsa, lena n-áirítear cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí a sheachadtar trí Ghaeilge, ar bhonn rialta lena fháil amach a éifeachtaí is a chomhlíonann siad riachtanais na Roinne.
- Cuirfidh sé feasacht teanga isteach ina cuid de chúrsaí oiliúna Ionduchtúcháin agus Seirbhíse do Chustaiméirí ionas go gcinnteofar go dtuigeann baill foirne cén fáth go gcuireann an Roinn beartas dátheangach i ngníomh, go dtuigeann siad comhthéacs agus cúlra an bheartais; agus go mbíonn siad ar an eolas go hiomlán faoin mbealach a rachaidh an beartas i bhfeidhm ar a gcuid oibre.
- Soláthróidh an tAonad Oiliúna ranganna Gaeilge, dírithe ar riachtanais seirbhíse do chustaiméirí, do na rannóga sin is mó a phléann le custaiméirí.
- Tabharfaidh an Roinn cead do bhaill foirne freastal ar ranganna Gaeilge i rith uaireanta oifige.
- Tabharfar comhairle agus cúnaimh airgeadais do bhaill foirne i ndáil le raon na ranganna Gaeilge ardchaighdeáin a bhíonn ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige.
- Leanfaidh an Roinn lena beartas ag éascú do bhaill foirne ar mian leo leas a bhaint as Scoláireachtaí Gaeltachta m.sh. Scéimeanna Ghaeleagras.

(ó thús na Scéime)

4.10 Beartas i leith Cruinnithe Poiblí

Reáchtálann an Roinn formhór a gcruinnithe poiblí i mBéarla amháin. Tá sé ina bheartas ag an Roinn seo áfach, sa chás go bhfuil údar ceart leis, go soláthrófar baill foirne a bhfuil inniúlacht ar an nGaeilge acu le haghaidh cruinnithe i gceantair Ghaeltachta nó sa chás go mbeifear ag plé le saincheisteanna Gaeltachta.

4.11 Seachtain na Gaeilge

Déanfaidh an Roinn iarracht ar leith chun tacú le gníomhaíochtaí a eagraítear i rith Sheachtain na Gaeilge chun cabhrú le cur leis an bhfeasacht ar an nGaeilge agus chun an imeacht a chur chun cinn laistigh den Roinn.

4.12 Tríú Páirtithe

Cuirfear tríú páirtithe a oibríonn don Roinn ar an eolas faoin scéim sa chás go mbaineann sin le hábhar agus spreagfar iad le spiorad na scéime a léiriú sna seirbhísí a bhíonn á soláthar acu. **(ó thús na Scéime)**

4.13 Seirbhís do cheantair Ghaeltachta

Geallann an Roinn go soláthróidh sí seirbhís trí Ghaeilge do dhaoine sa phobal i gceantair Ghaeltachta i gcaitheamh ré na scéime seo.

4.14 Logainmneacha Gaeltachta

Bainfidh an Roinn úsáid as Logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta, faoi mar ata fógartha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Caibidil 5 *Monatóireacht & Athbhreithniú*

Coinneoidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí (GBS) laistigh den Roinn seo feidhmiú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú. Ceapfar Coiste Gaeilge, a fheidhmeoidh ar son Rannán éagsúil na Roinne agus a mbeidh Oifigeach Forbartha Gaeilge ina c(h)athaoirleach air, chun comhairle a sholáthar maidir leis an gcúram seo.

Is iad na bainisteoirí líne i ngach ceann de na Rannáin líne, a bhíonn freagrach as an scéim a chur i ngníomh laistigh dá réimsí féin, a dhéanfaidh an fheidhm laethúil mhonatóireachta go príomha.

Baileofar faisnéis go bliantúil ar:

- bheartais nó thionscnaimh a chuir an Ghaeilge chun cinn
- líon na míreanna comhfhreagrais a fuarthas i nGaeilge
- líon na nglaochanna teileafóin a fuarthas i nGaeilge
- chur síos ar ábhair ar foilsíodh an t-iomlán díobh nó cuid díobh i nGaeilge
- gnóthachtálacha i gcoinne an chláir ama sa Scéim
- aon ghearáin agus mholtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí i nGaeilge ag an Roinn, a mhinice is a tugadh iad agus cén cineál gearán/moltaí a bhí i gceist
- líon na bhfiosrúcháin duine le duine
- líon na gCeisteanna Parlaiminte a freagraíodh i nGaeilge
- líon na n-uiríoll a freagraíodh i nGaeilge.

Breithneoidh an Roinn aon bhearta breise a theastóidh i bhfianaise éilimh.

Cuirfear tuairisc ar na bearta a cuireadh i ngníomh faoin Scéim san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne.

Caibidil 6 Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Tá baill foirne curtha ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu i leith an Achta Teanga. Tá treoir agus teoracha mionsonraithe curtha ar fáil dóibh siúd a bhféadfadh sé bheith d'iachall orthu bearta Gaeilge a chur i ngníomh. Cuirtear baill foirne ar an eolas faoi na freagrachtaí atá orthu faoin scéim trí mheáin éagsúla m.sh.

- treoir scríofa
- seimineáir
- ailt in Partnership News (iris inmheánach na Roinne)

Cuirfear ábhar na scéime seo in éineacht le gealltanais agus forálacha na scéime ar fáil don phobal ginearálta trí mheán:-

- Preasráiteas;
- Forálacha a fhógairt;
- Eolas a scaipeadh chuig gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí;
- Láithreán Gréasáin.

Tá cóip den scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla freisin agus chucu siúd ar fad a rinne aighneachtaí chuig an Roinn i gcomhthéacs an scéim seo a bheith á forbairt.